# FÓGRA LÁITHREÁIN

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## COMHAIRLE CATHRACH
## BHAILE ÁTHA CLIATH

### AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)
### NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ) – CUID 8

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Rannóg Comhshaoil agus Iompair, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

**Suíomh:** Cosán Tarraingthe na Canálach Ríoga ag Droichead Binn, Sráid Dorset Íochtarach, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 7

---

**Togra:** De bhun cheanglais na rialachán thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarratas ceadaithe faoi Chuid 8, tag. 2870/15. Déanmhas Cosanta is ea Droichead Binn faoin Taifead ar Dhéanmhais Chosanta de chuid Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022-2028 (Uimhir Thagartha RPS 908). Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tabhairt faoin bhforbairt seo a leanas:

- Grádán an rampa a laghdú go 4.99% feadh iomlán a fhaid;
- Slánachar de thimpeall 1.3-1.5 mhéadar a chruthú idir an glasbhealach agus teorainn árasáin Loc Portland, chun sláine agus feidhm na ngaothairí íoslaigh atá ag amharc amach ar an gcosán tarraingthe a chosaint agus ar mhaithe le taitneamhacht agus slándáil na n-árasán atá ar urlár na talún. Beidh cosán caol cothabhála agus stráice bog tírdhreachaithe sa slánachar úd;
- Beidh an glasbhealach ina limistéar coiteann agus é 4.6 mhéadar ar leithead don chuid is mó den cheantar, agus nascfaidh sé leis na trasghearrthacha a ceadaíodh roimhe seo ag an dá cheann;
- Na ráillí, na claíocha agus na geataí uile atá sa cheantar a bhaint agus a ionadú;
- Athbhreithniú ar rochtain staighre ar an loc faoi Dhroichead Binn d'fhonn suíocháin bhreise chéimnithe agus tírdhreachú bog a sholáthar ar mhaithe le limistéar níos fearr um ríocht phoiblí a chruthú;
- Athdhromchla a chur ar an limistéar timpeall ar an ngeata loic agus soilse agus ráillí a chur ar fáil;
- Rampa a thógáil trí úsáid a bhaint as bratphíleáil agus as cumhdach cloiche cuí;
- Lamairne canála atá ann cheana féin a bhaint agus é a chur in áit nua ionas go mbeidh sé ag teacht leis an dearadh reatha; agus
- Gnéithe beaga breise lena n-áirítear cuid den bhalla in aice le Droichead Binn (ach nach bhfuil mar chuid den Déanmhas Cosanta) a bhaint d'fhonn binse poiblí a sholáthar, geataí aonfhir agus bacainní atá ann cheana féin a bhaint, soilse poiblí agus CCTV a sholáthar, aistriú féideartha na seirbhísí reatha, oibreacha gaolmhara agus fosheirbhísí gaolmhara. Ní chuirfidh na hoibreacha isteach ar an tsuiteáil gáis faoi thalamh sa cheantar.

Féadfar na pleananna agus na sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse 4 seachtaine ón 10 Iúil 2023 le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Cuntar Poiblí, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, ó Luan go hAoine idir 9.00 a.m. agus 4.30 p.m. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil le féachaint orthu ar líne ar Citizen Space, https://consultation.dublincity.ie, agus ag Leabharlann Bhaile Phib, Baile Átha Cliath 7, le linn a n-uaireanta oscailte poiblí.

Tugadh faoi Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí de réir na Treorach maidir le Gnáthóga (92/43/CEE). Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta de réir Threoir MTT (2014/52/AE) agus is é tátal an Scagtha nach bhfuil aon dóchúlacht mhór ann go n-imreoidh an fhorbairt a bheartaítear tionchar suntasach ar an timpeallacht. Cinneadh, dá bharr sin, nach bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ag teastáil.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30 p.m. an 23 Lúnasa 2023. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh ar líne freisin ar Citizen Space, https://consultation.dublincity.ie, roimh 23.59 a chlog an 23 Lúnasa 2023.